

A Chairde,

Thar ceann Bhord Stiúrtha **Gaelscoileanna Teo.** is cúis áthais dom arís fáilte ó chroí a chur romhaibh chuig Comhdháil na bliana seo. Is é seo an dara comhchomhdháil eadrainn agus ár gcairde agus comhghleacaithe in Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo. agus táimid thar a bheith sásta a bheith in ann comhoibriú leo arís.

Is Comhdháil stairiúil agus thar a bheith tábhachtach í seo dúinn mar eagraíocht - táimid ag ceiliúradh 40 Bliain i mbliana. Is mór an onóir dúinn go mbeidh Uachtarán na hÉireann, Micheál D. Ó hUigín anseo chun ceiliúradh linn agus chun aitheantas a thabhairt d'obair na heagraíochta thar na blianta. D'ainneoin na héigeanteachta atá ann in earnáil na Gaeilge faoi láthair tá a fhios agam gur ceiliúradh den scoth a bheidh sa Chomhdháil seo.

Tá téama na Comhdhála, 'Ó Fhianaise go Barr Feabhais' thar a bheith ábhartha inár scoileanna faoi láthair. Táimid ag tógáil ar obair na mblianta atá thart agus ag tabhairt aghaidh ar an todhchaí. Tá súil agam go dtabharfaidh gach uile dhuine againn smaoineamh nua, ábhar machnaimh nó tuairim éagsúil ar ais linn go dtí ár scoileanna tar éis ceardlainne, cuir i láthair nó comhrá thar chupán caife. Is iad na rannpháirtithe, na haíonna agus ár gcairde uile a dhéanann gach comhdháil taitneamhach, tairbheach agus speisialta. Tá súil agam go mbeidh an Chomhdháil seo ar an gceann is fearr go dtí seo, (le 40 bhliain dár ndóigh!), agus go mbeimid go léir ar ais i dteannta a chéile an t-am seo an bhliain seo chugainn agus go mbeidh earnáil an Ghaeloideachais slán agus sláintiúil.

**Máirín Ní Chéileachair,**
**Uachtarán Gaelscoileanna Teo.**



Thar cheann Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo., tá áthas orm fáilte agus fiche a chur romhaibh chuig an ócáid bhliantúil seo, an chomhchomhdháil oideachais idir Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo. agus **Gaelscoileanna Teo.** Is deis iontach í seo do gach scoil Ghaeltachta agus Gaelscoil ar fud na tíre teacht le chéile chun aithne a chur ar a chéile, foghlaim óna chéile agus eolas a mhalartú. Is é téama na comhdhála 'Ó Fhianaise go Barr Feabhais', téama atá an-tráthúil do scoileanna i mbliana. Tá clár na bliana seo thar a bheith spéisiúil agus spreagúil agus beidh go leor ábhair idir lámha ar an lá a dhéileálfaidh le mórcheisteanna an oideachais Gaeltachta agus an Ghaeloideachais. Tá súil agam go mbainfidh sibh taitneamh agus buntáiste as an gcomhdháil agus go ndéanfaidh sibh an ócáid stairiúil seo a cheiliúradh inár dteannta ag an dinnéar.

**Mairéad Ní Chualáin**
**Cathaoirleach ESG Teo.**


## GILL & MACMILLAN PRIMARY

**Urraitheoirí Ríméadacha Chomhdháil 2013 GAELSCOILEANNA TEO. agus Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.**

### Úrnua! Dhá tháirge spreagúla úra Gaeilge ó Gill & Macmillan Primary atá ceaptha chun éascaíocht agus spraoi a chur le foghlaim na Gaeilge!




Is acmhainní uathúla agus idirghníomhacha d'fhónaic na Gaeilge iad **diosca** agus **leabhar cleachtaí *Fonn Fónaice*** le haghaidh na bpáistí sna ranganna sóisearacha sa bhunscoil, agus iad ceaptha chun cur le foghlaim na fónaice sa seomra ranga trí leas a bhaint as amhráin agus cluichí.









Is é atá i **ndiosca rLeabhair *Léimis le Chéile*** ná cnuasach de 12 rLeabhar idirghníomhacha as Gaeilge, a oireann go sármhaith do thosaitheoirí agus luathléitheoirí na Gaeilge. Cuimsíonn gach rLeabhar leagan cluaise den téacs le haghaidh léamh-in-éineacht, léaráidí beoite agus tuilleadh.

✔ Tá dhá rLeabhar breise do léitheoirí níos cumasaí san áireamh.

**Tabhair cuairt orainn ag ár seastán chun breis eolais a fháil maidir le *Fonn Fónaice* agus *Léimis le Chéile* agus faoi na táirgí iontacha go léir atá againn do na bunscoileanna.**

**www.gillmacmillan.ie/primary**



# Ó FHIANAISE GO BARR FEABHAIS

**22-23 Samhain 2013**

## Comhdháil Oideachais

**GAELSCOILEANNA TEO. & Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo.**

**Óstán Johnstown House, An Bóthar Buí, Co. na Mí**



Gaelscoileanna    ESG Eagraíocht na Scoileanna Gaeltachta Teo

www.gaelscoileanna.ie

# Comhdháil Oideachais
## 22 & 23 Samhain 2013
## Ó Fhianaise go Barr Feabhais

# Clár na Comhdhála 2013

**Aoine 22.11.13**

9.00-9.30 Clárú

### Seisiún 1 – Bunscoileanna & Iar-bhunscoileanna

9.30-10.45 **Léacht na Comhdhála - Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna**
The Role of Irish-medium Education in the Development of Multilingualism
An tOllamh le teangeolaíocht, Alison Henry, Ulster Centre on Multilingualism, Ollscoil Uladh
Seomra: Breffni

11.00-11.45 **Ceiliúradh 40 bliain Gaelscoileanna Teo.**
Fáilte le **hUachtarán na hÉireann, Mícheál D. Ó hUigínn**
Seomra: Breffni

11.45-12.15 Tae/ caifé/ seastáin

12.15- 13.15 **Seisiún eolais le hionadaí na Roinne Oideachais agus Scileanna**
Pádraig Mac Fhlannchadha, Príomhchigire Cúnta na Roinne Oideachais & Scileanna
Mairéad Ní Chualáin, Cathaoirleach ESG, & Máirín Ní Chéileachair, Uachtarán Gaelscoileanna Teo.
Seomra: Breffni

13.15-14.30 Lón & seastáin – Bialann agus Atrium an Óstáin

### Seisiún 2 – Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna

14.30-15.45 **Iarbhunscoileanna & Bunscoileanna:** Pleanáil Teanga do na scoileanna lán-Ghaeilge/ Gaeltachta i bhfianaise an Achta Gaeltachta 2012,
Máire Killoran, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus Pádraig Mac Fhlannchadha, An Roinn Oideachais agus Scileanna
Seomra: Ennis

**Iarbhunscoileanna:** An Uimhearthacht agus an Litearthacht san Iarbhunscoil lán-Ghaeilge,
Caoimhe Ní Chuinn agus Íde Ní Mhóráin agus Pat Coffey, SFGM (An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí )
Seomra: Pavilion Mezzanine

**Bunscoileanna:** Feidhmiú praiticiúil an tumoideachais i suíomh lán-Ghaeilge.
Niamh Ní Mhaoláin, príomhoide Gaelscoil na Dúglaise
Seomra: Breffni

**Bunscoileanna:** *Réidh, Socair, Déan Mata* - Cur chuige don luathmhata, Máire Nic an Rí, SFGM
Seomra: Colgan

**Bunscoileanna:** Feabhsúchán scoile agus an Litearthacht: roinnt cur chuige praiticiúil, Íde Ruaidh, SFGM agus Máire Nic Giolla Cearra, SCC
Seomra: Boyne

15.45-16.15 Tae/ caifé/ seastáin

### Seisiún 3 – Grúpaí sainspéise

16.15-17.30 **Iarbhunscoileanna:** Trialacha caighdeánaithe matamaitice san iarbhunscoil lán-Ghaeilge/Gaeltachta, Gerry Shiel, Foras Taighde ar Oideachas
Seomra: Pavilion Mezzanine

**Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna:** Scoileanna a chumasú chun margaíocht dhearfach a dhéanamh, Natasha Fennell, Stillwater Communications.
Seomra: Ennis

**Bunscoileanna:** Tionchar chóras na bpainéal ar na bunscoileanna Gaeltachta/ lán-Ghaeilge, Fóram plé
Seomra: Boyne

**Bunscoileanna:** An t-oideachas dátheangach do naíonáin i gceantair dhátheangacha
Conchúir Ó Brolcháin, Coláiste Phádraig
Seomra: Colgan

17.15 **Na hAonaid Iarbhunscoile:** Cruinniú Mhúinteoirí i bhFeighil na nAonad lán-Ghaeilge
Seomra: Pavilion Mezzanine

19.30 **Fáiltiú na Comhdhála & seoladh fhoilseacháin Gaelscoileanna & ESG**
Cainteoirí: Mícheál Ó Muircheartaigh, Iar-Uachtarán **Gaelscoileanna Teo.**
Seán Ó Coinn, Foras na Gaeilge
Ionad: Fáiltiú an Óstáin

20.15 Dinnéar na Comhdhála agus céilí leis an Lough Ree Céilí Band
Seomra: Breffni

**Satharn 23.11.13**

9.30-10.00 Clárú

### Seisiún 1 – Bunscoileanna & Iarbhunscoileanna

10.00-11.15 **Pobail na scoileanna go léir**
Family law issues – eolas tábhachtach don chomhthéacs scoile
David Ruddy, dlíodóir oideachais agus príomhoide bunscoile
Seomra: Colgan

11.15-11.45 Tae/ caifé/ seastáin

### Cruinniú Cinn Bhliana Gaelscoileanna Teo.

11.45-13.00 Cruinniú Cinn Bhliana
Seomra: Colgan

13.00-14.00 Teacht le chéile an Bhoird Stiúrtha nua agus lón éadrom